Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3284

3.6.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 11 Aibreán 2024 (iarraidh ar réamhrialú ó Kúria - an Ungáir) – X v Agrárminiszter**

**(Cás C-6/23,** (1) **Baramlay)** (2)

***(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) – An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – Infheidhmeacht ratione materiae – Infheidhmeacht ratione temporis – Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 – Airteagal 22 – Tacaíocht do bhunú feirmeoirí óga – Airteagal 71 – Incháilitheacht – Coinníollacha maidir le deonú – Reachtaíocht Ballstáit lena leagtar síos an oibleagáid oibriú go leanúnach mar fheirmeoir, mar phríomhghníomhaíocht agus mar thrádálaí aonair – Coinníollacha incháilitheachta breise – Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 – Airteagal 63 – Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 – Airteagal 35 – Critéar incháilitheachta – Gealltanas)***

(C/2024/3284)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

## An chúirt a rinne an tarchur

Kúria

## Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir*: X

*Cosantóir*: Agrárminiszter

## An chuid oibríochtúil

1. Maidir le hAirteagail 22(1) agus 71(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT),

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ceadaítear do Bhallstát coinníoll incháilitheachta a fhorchur maidir le tacaíocht chun feirmeoirí óga a bhunú ar dá réir a cheanglaítear ar thairbhí na tacaíochta sin oibriú mar fheirmeoir mar phríomhghníomhaíocht aige nó aici, ón dáta a chuirtear isteach an t-iarratas ar íocaíocht 90% de mhéid na tacaíochta sin go dtí deireadh thréimhse oibriúcháin na gníomhaíochta sin.

2. Maidir le hAirteagal 63(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle, agus Airteagal 35(1) go (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus maidir le coinníollacha chun íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus tras-chomhlíonadh a dhiúltú nó a aistarraingt,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh coinníoll incháilitheachta le haghaidh tacaíocht do bhunú feirmeoirí óga, a leagtar síos le reachtaíocht Ballstáit, ar dá réir a cheanglaítear ar thairbhí na tacaíochta sin oibriú mar fheirmeoir mar phríomhghníomhaíocht aige nó aici, ón dáta a chuirtear isteach an t-iarratas ar íocaíocht 90 % de mhéid na tacaíochta sin go dtí deireadh thréimhse oibriúcháin na gníomhaíochta sin, a bheith ina 'ghealltanas' de réir bhrí na bhforálacha sin, agus, ar an dara dul síos, i gcás den sórt sin, cuirtear cosc le hAirteagal 35(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 ar bhriseadh gealltanas den sórt sin a bheith ina chúis le ceangal a bheith ar an tairbhí sin méid iomlán na tacaíochta a aisíoc, gan aird a thabhairt, go háirithe, ar fhad na tréimhse lena mbaineann an briseadh sin.

---

(1) IO C 94, 13.3.2023.
(2) Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.